# Scéal, Scéal, Scéal…

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

20 Deireadh Fómhair 2022 || Eagrán 118

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga…

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# Comórtas Grianghrafadóireachta Chois Fharraige

**Tá féilire 2023 á réiteach againn agus ba bhreá linn bhur bpictiúir a fheiceáil ann!**



Pictiúir ó áit ar bith idir Na Forbacha - Ros a' Mhíl.
Seol do phictiúr chuig: optchoisfharraige@gmail.com
chomh maith le d'ainm agus do cheantar.

Roghnófar 12 pictiúir le cur sa bhféilire.
**Spriocdháta: 21 Deireadh Fómhair 2022**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# ACMHAINNÍ NUA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Tá acmhainní nua, bunaithe ar fhilíocht na sraithe sóisiearaí, foilsithe ag Tuairisc. Dhá mhír déag d'acmhainní teagaisc nua atá ann agus iad ar fáil saor in aisce do chách ó www.tuairisc.ie Tá an t-ábhar dírithe ar dhaltaí i scoileanna T1 agus scoileanna T2. Is iad Breandán Mac Gearailt agus Emer Davitt, léachtóirí ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoill na hÉireann, Gaillimh, stiúrthóirí an togra agus earcaíodh scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa faoi láthair, le dul i mbun oibre ar na hacmhainní. Tá tascanna digiteacha idirghníomhacha, físeáin, agus taifeadh fuaime ar fáil, agus is féidir le scoláirí féin taifeadadh a dhéanamh ar an suíomh freisin le roinnt cleachtaidh a dhéanamh, chomh maith le rogha míniú a fháil ar roinnt focal.



# ÁISEANNA NUA DO DHAOINE ÓGA

Tá roinnt áiseanna nua do theaghlaigh, agus do leanaí sa naíonra agus sna ranganna naíonáin ach go háirithe, foilsithe ag Gaeloideachas. Tá seinnliosta le fáil freisin le hamhráin, rainn agus dánta don aoisghrúpa seo. Chomh maith le sin, tá áiseanna do thuismitheoirí ar fáil le cúnamh a thabhairt dóibh cur lena gcuid Gaeilge ag abaile. Is féidir na háiseanna uilig a fháil ar shuíomh idirlín Gaeloideachas nó ar a gcuntas YouTube ach 'Gaeloideachas' a chuartú.



# COLÁISTE CHROÍ MHUIRE AITHEANTA GO HOIFIGIÚIL MAR SCOIL GHAELTACHTA

Is é Coláiste Chroí Mhuire sa Spidéal an chéad scoil sa tír a bhfuil aitheantas mar Scoil Ghaeltachta bainte amach aici. D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Polasaí don Oideachas Gaeltachta i nDeireadh Fómhair na bliana 2016. Leagadh amach próiséas a chuirfí i bhfeidhm idir 2017-2022 le go mbainfeadh scoileanna na Gaeltachta, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna san áireamh, aitheantas amach mar Scoil Ghaletachta. Tugadh cuireadh do scoileanna a bheith rannpháirteach i Scéim Aitheantais. Foilsíodh critéir agus b'éigean plean oibre, spriocanna agus bearta a leagan amach. Tá comhoibriú leis an gCoiste Pleanála Teanga áitiúil mar ar cheann de na critéir atá sa scéim. Tá cuairteanna ó chigirí na Roinne agus tuairisicí a sholáthar mar chuid den scéim chomh maith. Bhí cigirí i gCCM ar an 13 agus 14 Deireadh Fómhair do an cuairteanna deiridh agus tugadh an dea-scéala d'fhoireann bainistíochta na scoile díreach ina dhiaidh. Comhghairdeachas le pobal uile CCM idir dhaltaí, fhoireann teagaisc, tacaíochta agus riaracháin agus thuismitheoirí na scoile as an stádas a bhaint amach agus as an ngradam gurb iad is túisce sa tír. Treise libh!

Bróna Ní Uallacháin, múinteoir agus Tríona Uí Mhurchú Príomhoide, Coláiste Chroí Mhuire



# GAEILGE AR AN TEALLACH

Sheol Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga leabhrán nua le gairid, dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile. 'Sí Nóra Seoighe a réitigh an t-ábhar don leabhrán - tá Nóra ag múineadh leis an bhFóram le tamall anois, ag díriú go sonrach ar thuismitheoirí. Díríonn an leabhrán ar théamaí agus gnéithe éagsúla de shaol laethúil an teaghlaigh - na míonna, na laethanta, na huimhreacha chomh maith leis an gclann, an aimsir agus an scoil. Cuirtear na téarmaí Gaeilge, chomh maith leis an aistriúchán Béarla ar fáil sa leabhrán. Chomh maith le sin, má leantar an cód QR taobh istigh den leabhar, tabharfar chuig suíomh idirlín An Fhóraim chugat áit gur féidir éisteacht le taifeadadh fuaime d'ábhar an leabhráin. Is féidir cóip den leabhrán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Pleanála Teanga ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com






# BUA AG MNÁ NA mBREATHNACH

Comhghairdeachas le foireann ban Chumann Mhicheál Breathnach a bhuaigh craobh an chontae sa gcluiche ceannais Sóisear B a imríodh in Áth Cinn le gairid. Fuair siad an ceann is fearr ar Bhaile an Mhuilinn 2–09 in aghaidh 1–07. Ainmníodh Aobh Ní Dhubhghaill captaen na foirne, mar Laoch na hImeartha. Thug Aobh ardmholadh do Kevin Phetie Mac Donncha, bainisteoir na foirne agus í ag glacadh leis an gcorn. Tá Kevin ag traenáil an ghrúpa seo le deich mbliana anuas. Tá an Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta: Sóisear, Sraithchomórtas an Chontae: Roinn III agus Craobhchomórtas an Chontae Sóisear B buaite ag an bhfoireann seo i mbliana. Cá bhfios nach mbeadh an ceathrú ceann acu mar beidh siad féin agus a gcuid comharsain foireann ban an Spidéil in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais an Iarthair.

# LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN FHÓRAIM

Tá láithreán gréasáin Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR ar fáil ag an seoladh www.coisfharraige.ie/pleanail-teanga/. Tá neart eolais ann faoin bhFóram, faoin bPlean Teanga faoi ról an phobail sa bPlean chomh maith le nuaíocht agus eolaire pobail. Tá Plean Teanga Chois Fharraige ina iomláine le fáil ann freisin mar aon le físeáin de chuid na nOifigeach Pleanála Teanga Katie Ní Loingsigh agus Aoife Ní Chonghaile. Tá mír físe ag Máire Ní Neachtain Cathaoirleach an Fhóraim ann freisin áit a ndéanann sí cur síos ar céard is brí le Pleanáil Teanga agus ar aidhmeanna an Fhóraim. Cuirfear leis an suíomh de réir a cheile agus tá súil go mbeidh féilire imeachtaí mar chuid den suíomh gan rómhoill. Tá an Fóram an-bhuíoch do Chomhlacht Forbartha Chois Fharraige as an seoladh fearainn a roinnt leo agus a bheith chomh fial agus foighdeach le linn an phróisis.

# AN COSÁN DRAÍOCHTA AR CHAMCHUAIRT

**Seoladh An Cosán Draíochta ag Féile Chois Fharraige i mí na Samhna seo caite. Bhronn Stiúideó Cuan coimisiún ar Johnny Óg Connolly le sraith ceoil a chumadh i gcuimhne ar a athair Johnny Phádraic Phiotair an boscadóir cumasach a raibh gean an phobail air agus a d'imigh ar shlí na Fírinne aimsir na Nollag 2019. D'éirigh thar barr leis an seó a cuireadh i láthair an phobail thar sé oíche anuraidh. Beidh deis anois ag pobal na hÉireann an seó breá seo a fheiceáil mar go mbeidh siad ag cur chun bóthair ar an 21 Deireadh Fómhair sa Triskel Arts Centre i gCorcaigh, ag tabhairt cuairteanna ar Bhaile Átha Cliath, ar Bhéal Feirste, ar an Oireachtas i gCill Áirne, ar Phort Láirge, ar Ghaillimh ar an Uaimh agus ag críochnú i nGaoth Dobhair ar an 12 Samhain 2022. Beidh na ceoltóirí Ciara Ní Bhriain, Clíodhna Costelloe, Jim Higgins agus Pádraig Ó Dubhghaill mar aon leis an amhránaí Áine Ní Dhroighneáin agus an damhsóir Seosamh Ó Neachtain i gcuideachta Johnny Óig. Tá chuile eolas le fáil ag https://www.stiuideocuan.ie/an-cosn-draochta-tour**

STIÚIDEO Cuan



# COMHGHAIRDEACHAS LE MÁRTAN Ó CIARDHA

Bronnfar Buaic-Ghradam Cumarsáide an Oireachtais 2022 ar Mártan Ó Ciardha as ucht a shaothar in earnáil na meáin chumarsáide thar na blianta. Tugann Buaic-Ghradam Cumarsáide an Oireachtais aitheantas do shár-shaothar saoil in earnáil na meán cumarsáide Gaeilge. Déanann muintir Chois Fharraige ar fad comhghairdeachas ó chroí leis. As na hAille do Mhártan ó thús agus tá sé ina chónaí i mBaile an Domhnalláin sa Spidéal le fada. Tá clú agus cáil ar Mhártan as a chuid oibre le cúrsaí spóirt. Thosaigh sé ar a chuid leis an nuachtán, Amárach, i dtús na 1970idí. Chuaigh sé ag obair mar Chlár Reachtaire le RTÉ Raidió na Gaeltachta ina dhiaidh sin, áit ar chaith sé os cionn deich mbliana fichead, ag obair i Rannóg an Spóirt den chuid is mó. Bhí baint lárnach ag Mártan leis an bhforbairt a rinne an stáisiún i gcraoltóireacht spóirt i rith na tréimhse sin. 'Sé Príomh-Aoire an Rialtais & Aire Stáit don Ghaeltacht & Spórt, Jack Chambers T.D. a bhronnfaidh an gradam ar Mhártan ag Searmanas Bronnta in Óstán Gleneagle, Cill Airne, Co Chiarraí, Dé Céadaoin, 2 Samhain 2022 mar chuid d'Oireachtas na Samhna 2022.




# OIREACHTAS SHAILEARNA

Ar an Déardaoin, 27 Deireadh Fómhair, beidh deis ag gasúir ó Scoil Sailearna - a bheas ag glacadh páirte sna comórtais éagsúla ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne ag tús mí na Samhna - a gcuid míreanna a chur i láthair ar stáitse. Cuirfear tús leis an ócáid ar bhuille 6.30i.n. Beidh bolgam tae le fáil ag an ócáid agus fáilte roimh chuile dhuine!

# LÉIRMHEAS AR AN GCAILÍN CIÚIN

Tá mise ag déanamh léirmheas ar an gCailín Ciúin leis an stiúrthóir Colm Bairéad a chonaic mé le mo rang i Seanscoil Shailearna le gairid. Sa bhliain 1981, tá sé lonnaithe faoin tuath in Éirinn. Is faoi chailín le clann mhór agus deartháir eile ar an mbealach é an scéal. Don samhradh chuaigh an cailín, Cáit chuig teach a colceathar. Bhí sí an-chiúin sa teach seo ar dtús ach faoi dheireadh bhí grá mór aici do Eibhlín agus Seán. Bhí Cáit ag iarraidh fanacht leo ach bhí uirthi dul ar ais. Nuair a tháinig sí abhaile agus nuair a bhí Eibhlín agus Seán ag imeacht sa gcarr thosaigh sí ag ritheacht ina ndiaidh. Nuair a bhí siad ag dúnadh an gheata chonaic siad Cáit agus thug sí barróg mór do Sheán agus ansin tháinig deireadh leis an scannán. Mholfainn gur cheart do gach duine é a fheiceáil. Tugaim 10/10 dó. Bhain mé an-taitneamh as. Tá muid an-bhuíoch do Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga as ucht an deis a chur ar fáil dúinn chun é a fheiceáil.

Daniel Mac Eochagáin, Bliain 3 Coláiste Cholmcille



# BISEACH 2022

Tá BISEACH 2022 ar fáil! Seoladh an iris bhliantúil ar Iris Aniar ar Raidió na Galetachta ar an Déardaoin 20 Deireadh Fómhair. Mar is iondúil tá neart ábhar léitheoireachta, idir stair áitiúil, seanchas, tuairimíocht, cúrsaí reatha agus neart grianghraf idir sean agus nua san iris 96 leathanach seo. Tá altanna ann ar phearsain stairiúla agus liteartha, ar nós Saol agus Saothar Christie Macken le Cormac Ó Comhraí, Blácaigh na bhForbacha le Seán Ó Neachtain, Eoghan Ó Neachtain (1897 – 1957) le Máire Ní Neachtain, Peadar Chois Fharraige le Ruaidhrí Ó Tuairisg, John Ford le Ciarán Ó Cualáin agus an chaint a thug Niamh Ní Bhaoill faoina máthair Beti a bhásaigh i rith na bliana seo. Cumann Forbartha Chois Fharraige a fhoilsíonn BISEACH le cúnamh deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá BISEACH 2022 le fáil sna siopaí ar fad i gCois Fharraige. Is féidir BISEACH a ordú ó Chló Iar-Chonnacht chomh maith. Glaoigh ar 091 593307 nó téigh chuig www.cic.ie.

# CÚRSA GRAMADAÍ GAEILGE

Tosóidh ardchúrsa i nGramadach na Gaeilge ar an 9 Samhain in Oifigí Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i sráidbhaile an Spidéil. Cúrsa dhá sheachtain déag a bheas ann agus mairfidh chuile sheisiún uair go leith. Sé Séamas Ó Máirtín, fear a bhfuil taithí na mblianta aige agus cáil mhór air mar theagascóir, a bheas i mbun an chúrsa. Tá táille €100 ar an gcúrsa agus cuirfear leabhrán oibre ar fáil mar chuid den ábhar. Tá teorainn ar an líon áiteacha atá ar fáil, moltar mar sin áit a chur in áirithe gan mhoill. Is féidir clárú ag ocptchoisfharraige@gmail.com

## Ardchúrsa Gramadaí
## (12 Seachtainí)



le Séamas Ó Máirtín

**Ag tosú: 9 Samhain**

**Áit: Inis Fáil, An Spidéal**

**Am: 7:00i.n – 8:30i.n**

Costas €100

Leabhrán Oibre ar fáil.



Líon na
Spásanna Teoranta!!!

Clárú @ ocptchoisfharraige@gmail.com

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

